



IONSTRAIMÍ REACHTÚLA.

**I.R. Uimh. 347 de 2018**

---

AN TORDÚ UM ACHT NA GAELTACHTA, 2012 (LIMISTÉIR  
PLEANÁLA TEANGA GHAELTACHTA A AINMNIÚ) (UIMH. 4), 2018

AN tORDÚ UM ACHT NA GAELTACHTA, 2012 (LIMISTÉIR  
PLEANÁLA TEANGA GHAELTACHTA A AINMNIÚ) (UIMH. 4), 2018

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 7(2) d'Acht na Gaeltachta, 2012 (Uimh. 34 de 2012) (arna oiriúnú leis an Ordú um Ealaíona, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (Ainm na Roinne agus Teideal an Aire a Athrú), 2017 (I.R. Uimh. 350 de 2017)) agus an tOrdú Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta (Feidhmeanna Aire a Tharmligean) 2017 (I.R. Uimh. 641 de 2017), déanaimse, Joe McHugh, Aire Stáit ag an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, leis seo an t-ordú seo a leanas:

1. Féadfar an tOrdú um Acht na Gaeltachta, 2012 (Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta a Ainmniú) (Uimh. 4) 2018 a ghairm den Ordú seo.
2. Tá na limistéir a shonraítear sa Sceideal ainmnithe mar Limistéar Pleanála Teanga Ghaeltachta chun críocha alt 7(2) d'Acht na Gaeltachta, 2012 (Uimh. 34 de 2012).

*Foilsíodh fógra san "Iris Oifigiúil" an 14ú lá de Meán Fómhair, 2018 á rá go ndearnadh an Ionstraim Reachtuil seo.*

## SCEIDEAL

**Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta: Dúiche Sheoigheach agus Tuar Mhic Éadaigh, Co. na Gaillimhe agus Co. Mhaigh Eo**

- (1) Na limistéir toghroinne seo a leanas: Conga, An Chorr, An Fhairche, An Ros, An Uillinn, Abhainn Bhain, Baile an Chalaidh agus An Cheapaigh Dhuibh.
- (2) An chuid sin de limistéar toghroinne Bhinn an Choire i gContae na Gaillimhe arb é atá inti na bailte fearainn seo a leanas: Bearna na nEang, Barr na nÓrán, Doire Fhada Thiar, Doire na bhFlann, Imleach Dhá Rú, Fionas-clainn, Gleann Eidhneach, Gleann Chóchan, Leitir Seithe, Leitirí agus Log an Tairbh.
- (3) An chuid sin de limistéar toghroinne Leitir Breacáin i gContae na Gaillimhe arb é atá inti na bailte fearainn seo a leanas: Bun an Mheascáin, Cartrún an Phóna, Na Cnocáin Bhána, An Doirín, Na Grigíneacha, Na Lí, Muintir Eoghain Láir, Muintir Eoghain Thiar agus Muintir Eoghain Thoir.
- (4) An chuid sin de limistéar toghroinne Bhaile Óbha i gContae na Gaillimhe arb é atá inti na bailte fearainn seo a leanas: Doire Easa, Gort Bhun an Chuilinn, An Seanbhaile Ard, An Seanghort agus An Tamhnaigh.
- (5) An chuid sin de limistéar toghroinne Pharraí i gContae Mhaigh Eo arb é atá inti na bailte fearainn seo a leanas: An tSraith.
- (6) An chuid sin de limistéar toghroinne Thamhnaigh na Graí i gContae Mhaigh Eo arb é atá inti na bailte fearainn seo a leanas: Coimín Dhoire an Daimh Dheirg, Doire an Daimh Dheirg agus Doirín na Scuaibe.

Arna thabhairt faoi mo lámh,  
4 Meán Fómhair 2018.

JOE McHUGH,  
Aire Stáit ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.



STATUTORY INSTRUMENTS.

**S.I. No. 347 of 2018**



GAELTACHT ACT 2012 (DESIGNATION OF GAELTACHT  
LANGUAGE PLANNING AREAS) (NO. 4) ORDER 2018

S.I. No. 347 of 2018

GAELTACHT ACT 2012 (DESIGNATION OF GAELTACHT  
LANGUAGE PLANNING AREAS) (NO. 4) ORDER 2018

I, JOE McHUGH, Minister of State at the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht, in exercise of the powers conferred on me by section 7(2) of the Gaeltacht Act 2012 (No. 34 of 2012) (as adapted by the Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs (Alteration of Name of Department and Title of Minister) Order 2017 (S.I. No. 350 of 2017)) and the Culture, Heritage and the Gaeltacht (Delegation of Ministerial Functions) Order 2017 (S.I. No. 641 of 2017), hereby order as follows:

1. This Order may be cited as the Gaeltacht Act 2012 (Designation of Gaeltacht Language Planning Areas) (No. 4) Order 2018.
2. The areas specified in the Schedule are designated to be a Gaeltacht Language Planning Area for the purposes of section 7(2) of the Gaeltacht Act 2012 (No. 34 of 2012).

*Notice of the making of this Statutory Instrument was published in  
"Iris Oifigiúil" of 14th September, 2018.*

SCHEDULE

**Language Planning Area: Dúiche Sheoigheach and Tuar Mhic Éadaigh, Co Galway and Co. Mayo**

- (1) The following electoral division areas: Conga, An Chorr, An Fhairche, An Ros, An Uillinn, Abhainn Bhrain, Baile an Chalaidh and An Cheapaigh Dhuibh.
- (2) That part of the electoral division area of Binn an Choire in County Galway which consists of the following townlands: Bearna na nEang, Barr na nÓrán, Doire Fhada Thiar, Doire na bhFlann, Imleach Dhá Rú, Fionasclainn, Gleann Eidhneach, Gleann Chóchan, Leitir Seithe, Leitrí and Log an Tairbh.
- (3) That part of the electoral division area of Leitir Breacáin in County Galway which consists of the following townlands: Bun an Mheascáin, Cartrún an Phóna, Na Cnocáin Bhána, An Doirín, Na Grigíneacha, Na Lí, Muintir Eoghain Láir, Muintir Eoghain Thiar and Muintir Eoghain Thoir.
- (4) That part of the electoral division area of Baile Óbha in County Galway which consists of the following townlands: Doire Easa, Gort Bhun an Chuilinn, An Seanbhaile Ard, An Seanghort and An Tamhnaigh.
- (5) That part of the electoral division area of Partraí in County Mayo which consists of the following townlands: An tSraith.
- (6) That part of the electoral division area of Tamhnaigh na Graí in County Mayo which consists of the following townlands: Coimín Dhoire an Daimh Dheirg, Doire an Daimh Dheirg and Doirín na Scuaibe.

GIVEN under my hand,  
4 September 2018.

JOE McHUGH,  
Minister of State at the Department of Culture, Heritage and  
the Gaeltacht.

BAILE ÁTHA CLIATH  
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR  
Le ceannach díreach ó  
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,  
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2  
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)  
nó trí aon díoltóir leabhar.

---

DUBLIN  
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE  
To be purchased from  
GOVERNMENT PUBLICATIONS,  
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.  
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)  
or through any bookseller.

---

€2.54



Wt. (B33650). 285. 9/18. Essentra. Gr 30-15.